# Uimhreas: Tacair agus oibríochtaí – Moltaí don teagasc

## MEON TÁIRGIÚIL A CHOTHÚ

- Spreag fiosrúcháin chomhoibríocha tacair agus oibríochtaí sa saol laethúil, m.sh., *tionscnamh bunaithe ar uimhreacha príomha.*
- Stiúir páistí chun teacht ar phatrúin agus ceangail a dhéanamh idir na ceithre oibríocht.
- Spreag páistí chun páirt a ghlacadh san fhéinmheasúnú agus machnamh fiúntach, m.sh., *is é an slánú an straitéis is fearr liom a úsáid chun ceisteanna suimithe a réiteach mar...*

## SPRAÍÚLACHT A SPREAGADH LEIS AN MATAMAITIC

- Nasc an fhoghlaim leis na tacair agus oibríochtaí le gníomhaíochtaí spraíúla, m.sh., *sórtáil na bréagáin go léir sa seomra ranga i dtacair dhifriúla.*
- Bunaigh áit laistigh den seomra ranga go mbeidh páistí ábalta triail a bhaint as smaointe matamaiticiúla, m.sh., *bunaigh láthair ar leith chun tuairimí a roinnt go mbeidh na páistí ábalta réasúntacht na bhfreagraí a thuar agus a mheas.*
- Cuir dúshlán roimh na páistí a gcuid tuisceana a léiriú trí chluichí agus gníomhaíochtaí spraíúla, m.sh., *rian roinnte mórthimpeall na scoile.*

## TASCANNA ATÁ DÚSHLÁNACH GO COGNAÍOCH A ÚSÁID

- Lig do pháistí ceisteanna oscailte a fhiosrú a chuireann lena dtuiscint agus a shíneann an tuiscint chéanna.
- Cuir timpeallacht foghlama dhearfach chun cinn a léiríonn meas ar agus a spreagann na páistí uilig a gcuid tuairimí agus smaointe a roinnt.
- Cuir rogha ar fáil do na páistí le linn gach ceachta, m.sh., *inniu táimid chun a bheith ag foghlaim faoin suimiú. Roghnaigh tasc amháin ón tacar seo ina bhfuil trí thasc.*

## BÉIM A CHUR AR AN SAMHALTÚ MATAMAITICIÚIL

- Spreag scata mínithe agus mínithe malartacha ar na ceithre oibríocht, m.sh., *déan iarracht cuimhneamh ar níos mó ná bealach amháin chun cur síos a dhéanamh ar 3 x 6.*
- Cuir ceisteanna chun cabhrú leis na páistí a gcuid smaointeoireachta a shoiléiriú agus a samhlacha a mhíniú.
- Cuir dúshlán roimh na páistí lena samhlacha a thástáil agus a bheachtú thart ar na tacair agus oibríochtaí, m.sh., *An ndéanfá aon athruithe? Cén chaoi a bhféadfá feabhas a chur ar do shamhail?*

## MATA-CHAINT A CHUR CHUN CINN

- Deiseanna a chur ar fáil do pháistí chun a gcuid straitéisí a chur in iúl, a roinnt agus a mhalartú, m.sh., *Shórtáil mise mo thacar de réir dathanna. An ndearna aon duine eile ar bhealach eile é?*
- Cuir dúshlán roimh na páistí straitéisí a bpiaraí a chur in iúl sna ceithre oibríocht.
- Bain úsáid as réimse leathan ceisteanna oscailte agus fadhbanna a bhaineann le tacair agus oibríochtaí á bplé agaibh, m.sh., *ar thángamar ar gach uile fhéidearthacht?*

Forbraíodh i gcomhar le **Mary McMahon, Múinteoir Bunscoile, Co. Chorcaí**